CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | 'Lá dá rabhas i m'aonar': Aisling atá luaite le hEoghan Rua Ó Súilleabháin |
| Authors | Ní Íceadha, Máire |
| Publication date | 2018 |
| Original Citation | Ní Íceadha, M. (2018) ''Lá dá rabhas i m'aonar': Aisling atá luaite le hEoghan Rua Ó Súilleabháin', in Newman, S., Ó Cróinín, B. and Ó Paircín, L. (eds.) Saoi na Féile. Aistí ar litríocht Ghaeilge an ochtú h-aois déag i n-onóir do Úna Nic Énrí. Dublin: Coiscéim, pp. 50-68. |
| Type of publication | Book chapter |
| Rights | © 2018, the Author. Published by Coiscéim. |
| Download date | 2026-08-08 14:26:35 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/16903 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# ‘Lá dá rabhas i m’aonar’: Aisling atá luaite le hEoghan Rua Ó Súilleabháin[1]

**MÁIRE NÍ ÍCEADHA**

Aisling neamhfhoilsithe is ea ‘Lá dá rabhas i m’aonar’ a chuirtear i leith an fhile Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748–1784) sna foinsí lámhscríbhinne. Níor thángthas ach ar chóip aonair lámhscríbhinne de ‘Lá dá rabhas i m’aonar’ go dtí seo, a bhuíochas sin don scríobhaí Pádraig Ó Giobúin. ‘Pádraig neamhuirachódach ui Cuibúin’ a thugadh sé air féin agus atá scríofa ina láimh féin ar na duilleoga [1], 2, 44*i*, 46*i*, 218*m* sa LS Luim. K, ceann de na lámhscríbhinní a bhíodh i dTigh an Easpaig Chaitlicí, i Luimneach (de Brún 1967: 96–8). Sclábhaí feirme ó Áth an Mhuilinn, Co. Chorcaí ab ea é (Ó Conchúir 1982: 79). Ar na hainmneacha agus na síntiúisí atá luaite le ‘Ciste Fóirithinte Chill Bholláin’ i gCo. Chorcaí ar an 14/4/1847,[2] tá ‘Fitzgibbon,

---

[1] Táim buíoch den Dr Liam P. Ó Murchú as dréacht den alt seo a léamh agus de Tony Ó Floinn as dréacht den chaint a thugas ar an ábhar seo i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach ar an 17ú Bealtaine, 2017, a léamh.

[2] B’é an tAth. Robert Riordan P.P. a chónaigh in ‘Woodview Cottage’, i gCill Bholláin a sholáthraigh an liosta de shíntiúsóirí ar an 10 Eanáir 1844 de réir a chuntais féin air. Feic http://www.corkgen.org/publicgenealogy/cork/potpourri/corkancestors.com/Freemount.htm. Gheibhtear cuntas

Patrick' leis an suim airgid '0.10.6'; 'Fitzgibbon, Patrick, jnr' leis an suim airgid '0.10.0' agus 'Fitzgibbon, William' leis an suim airgid '0.1.6'. Tá an chuma air gurb ionann 'Fitzgibbon, Patrick' agus Pádraig Ó Giobúin, an scríobhaí, agus gur mac leis ab ea 'Patrick jnr', b'fhéidir. Is féidir gur dhuine dá chlann é William Fitzgibbon, atá luaite leo sa liosta céanna, ón uair go bhfuil an t-ainm 'William Fitzgibbon' scríofa le peann lua síos suas ar imeall clé lch 5 den LS Luim. K, lámhscríbhinn a bhreac Ó Giobúin sa bhliain 1848 (de Brún 1967: 96). Is cosúil gurb iad an bheirt chéanna 'Fitzgibbon, Patrick, sen.' agus 'Fitzgibbon, Patrick' atá luaite mar shíntiúsóirí don 'O'Connell tribute' do pharóiste Chill Bholláin sa bhliain 1843, agus a thug 'O.2.6' an duine chuige sin.[3]

Tugann Ó Conchúir le fios go raibh Pádraig Ó Giobúin ag saothrú lámhscríbhinní in Áth an Mhuilinn sna blianta 1824–59 de réir fhianaise lámhscríbhinní a sholáthraigh sé (Ó Conchúir 1982: 204). Bhíodh éileamh ar an nGiobúnach mar scríobhaí. Bhíodh sé fostaithe ag Éadbhard Ó Raghallaigh, an foclóirí, agus ina dhiaidh sin ag Uilliam mac an Ghabhann Ó Briain (O'Leary 1893: 182, nóta 6). Baineann sé cinn de lámhscríbhinní a scríobh an Giobúnach atá in Acadamh Ríoga Éireann inniu le cnuasach an bhailitheora mac an Ghabhann Ó Briain: ARÉ LS 24 C 56, 360–99; ARÉ LS 24 A 19, cuid ii; ARÉ LS 24 C 28; ARÉ LS 24 B 14; ARÉ LS 24 B 12 agus ARÉ LS 24 C 20 (Ó Conchúir 1982: 79). Scríobhaí cúramach ab ea Ó Giobúin; bhíodh cáilíocht a shaothair ag brath ar údarás na lámhscríbhinne a bhí á chóipeáil aige, agus ar iontaofacht an scríobhaí a bhreac í, chomh maith. Bhíodh lámhscríbhinní de chuid Uilliam Uí Aodha, scríobhaí agus múinteoir scairte a mhair sa cheantar céanna leis an nGiobúnach, mar eiseamláirí aige[4] agus é i mbun grafnóireachta (Ó Conchúir 1982: 204). Ábhar spéise é go raibh leabhar a chuir Eoghan Rua féin le chéile sa bhliain 1776 do Mhuiris Ó Núnain,

---

gairid ar an Ath. Riordan in *Historical and Topographical Notes etc. on Buttevant, Castletownroche, Doneraile, Mallow and Places in their Vicinity* (Grove White 1905: 217).

3 *Ibid*.

4 Cóip den LS Luim. J a scríobh Uilliam Ó hAodha sa bhliain 1824 is ea cuid den LS Luim. K a scríobh Pádraig Ó Giobúin de réir thuairisc Bhreandáin Uí Chonchúir uirthi (Ó Conchúir 1982: 79).

cara leis in Áth an Mhuilinn (Flower 1926: 181–2), i seilbh Uilliam Uí Aodha tráth (Ó Conchúir 1982: 176). Ní fios cad a d'imigh ar an leabhar sin ó láimh Eoghain Rua. Bhíodh modheolaíocht áirithe ag an nGiobúnach agus é i mbun cóipeála. Bhí giorr-radharc ar an scríobhaí seo, de réir dealraimh. Chuirfeadh sé an lámhscríbhinn a bhí le cóipeáil aige ina luí ar bhord a bhí suite le hais an dorais agus ansin, shuíodh sé féin ar chathaoir íseal in aice an bhoird. Dhingeadh sé mórfhód faoina ghlúin dheas, agus shíneadh sé an leabhar folamh ar an nglúin chéanna. Siod a deir O'Leary ina thaobh:

> He was a neat painstaking scribe or copyist but beyond that knew very little of Irish literature.... Foley's method of copying was rather peculiar. Being short-sighted he laid the work from which he was to copy upon a table near his door, and then seated upon a low chair, and having a large sod of turf held tightly under his right knee, he placed on his knee the blank book into which he was to make his copy, which he then transcribed in a neat, regular hand (O'Leary 1893: 182, nóta 6).

Lámhscríbhinn chumaisc a bhfuil 212 duilleog inti is ea ARÉ LS 24 B 9 de réir chuntais an Acadaimh uirthi (Mulchrone *et al.* 1926–70: 907–8). Tá an chóip de 'Lá dá rabhas i m'aonar' ar lgh 26–8 den leabhar. Scríobh Brian Ó Luanaigh ó Mhóin Fhríle in aice le hInis Díomáin, Co. an Chláir, formhór an leabhair úd (Mulchrone *et al.* 1926–70: 1040). Tá saothar na scríobhaithe seo in éineacht, chomh maith, in ARÉ LS 24 C 20. Ba é mac an Ghabhann Ó Briain úinéir an leabhair ARÉ LS 24 B 9 de réir a shínithe féin ar an bhfordhuilleog. B'é a bhronn an leabhar seo ar an Acadamh Ríoga (Mulchrone *et al.* 1948: 1040–3). Sholáthraigh Ó Giobún clár don chuid den leabhar a scríobh sé ARÉ LS 24 B 9, a–153. Níor mhiste a cheapadh go raibh spéis i gceol ag mac an Ghabhann Ó Briain ón uair go bhfaightear sraith d'amhráin Eoghain Rua in éineacht, 21 amhrán dá chuid ar fad, sa chéad chuid den leabhar ARÉ LS 24 B 9. I gclár an leabhair (ARÉ LS 24 B 9, a) tugtar teideal an cheoil a ghabhann le hamhráin áirithe a scríobh Eoghan Rua seachas céadlínte na n-amhrán féin; 'Muirinn ní Cuillionain' atá mar theideal ar 'I m'aonar seal ag siúl bhíos' (ARÉ LS 24 B 9, lch 21); 'Gráinne Mhaol' atá mar theideal ar 'Cois taobh abhann

sínte is mé tráth inné' (ARÉ LS 24 B 9, 44) agus ar 'Aisling do rinneadh dom tamall roimh lá' (ARÉ LS 4 B 9, 49), cuir i gcás.[5] Ní luaitear fonn le 'Lá dá rabhas i m'aonar' sa leabhar, ámh.

Ní heol dúinn cén lámhscríbhinn a bhí mar eiseamláir ag an nGiobúnach don chóip de 'Lá dá rabhas i m'aonar' a sholáthraigh sé. Tharlódh gur ó bhéal a tógadh síos an aisling agus gurb é sin is cúis le haon mhírialtachtaí atá le fáil i meadaracht agus i litriú na haislinge.

## An Mheadaracht

Meadaracht an amhráin atá in 'Lá dá rabhas i m'aonar'. Tá éagsúlacht le sonrú i bpatrún na meadarachta tríd síos. Féach, mar shampla, i líne A sa téacs, áit a bhfuil éagsúlacht ghuta / défhoghar le sonrú sa chéad dá aiceann sa líne agus a dtiteann an t-aiceann ar ghuta fada / e: / nó / i: / sna trí shiolla deiridh den líne chéanna; nó i líne C, áit a bhfuil malartúchán gutaí idir / e: / agus / i: / le sonrú sna línte 4, 20, 36, 52 den aisling.

**Véarsa I: ABAC (línte 1–4); ADAE (línte 5–8)**

A: | á ~ | au ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | í ~
Lá dá rabhas i m'aonar ar taobh leasa ag smaoineamh
B: | ~ í ~ | i ~ | í ~ ~ | í ~ ~ | ua
ar ghníomharthaibh an tsaoil so d'fhúig m'intinn fá bhuairt
A: | ~ a ~ | a ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | í ~
'sea dhearcas ainnir mhaorga an chlaon-roisc an fhíorghlais
C: ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | ó
a craobhfholt tiubh néamhrach ar aon dath an óir

[5] Ar na haislingí polaitiúla de chuid Eoghain Rua ar marthain ní luaitear foinn le cúig cinn díobh a fuarthas sna lámhscríbhinní go dtí seo: 'Lá dá rabhas i m'aonar', 'I Sacsaibh na séad', 'I sleasaibh na habhann', 'Sealad dom shaogal' agus 'Tríom smaointe'. Cé go dtugann Fiachra Éilgeach 'Caitilín Triall' mar fhonn don aisling 'Tríom smaointe' san eagrán d'fhilíocht Eoghain Rua a sholáthraigh sé, ní luaitear aon fhonn sa chóip aonair den aisling sin a fuarthas sa lámhscríbhinn MN LS M 9, lch 315. Ní heol dúinn foinse an eolais sin a bhí ag Fiachra Éilgeach (Ó Foghludha 1937: 76).

A: ~ | ua ~ | ua ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | í ~
ba bhuacach cuachach slaodach ag téarnamh go troighe léi
D: ~ | a ~ ~ ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | í ~
ba chamarsach, ba phéarlach, ba dhréimreach, ba fhrinseach
A: ~ | í ~ | i ~ ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | í ~ ~
'na gnaoi bhí luisne an chaora d'fhúig saoda im chroí istigh
E: ~ | ua ~ | í ~ ~ | í ~ ~ | é ~ ~ | á
an uair do shíleas gur síbhean í a théarnamh im dháil.

**Véarsa II: AFAG (línte 9–12); AJAH (línte 13–16)**

A: | a ~ | o ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | í ~
"Aicim ort, a spéirbhean, an léir cér a díobh tú
F: ~ ~ | é ~ ~ | í ~ ~ | á ~ ~ | é
nó an féidir gur síbhean tú tháinig im dhéin
A: ~ ~ | a ~ | a ~ | é ~ ~ ~ é ~ ~ í ~ |
an do mhaithibh ceart na laoch tú nó do phréimhshliocht na dtaoiseach
G: ~ | é ~ | a ~ ~ | í ~ ~ | í ~ ~ | á ~
do dhéanadh gaisce is díoltas is gníomh ar a námhaid,
A: ~ ~ | i ~ | a ~ ~ | é ~ ~ | é ~ ~ ~ | í ~ ~
an tú inghean Mhallachain aerga bhí léannta in gach ní ar bith
J: ~ | í ~ | é ~ ~ | é ~ ~ | í ~
nó Maoileann maorga d'fhúig tréithlag na mílte
A: ~ | i ~ | ua ~ | é ~ | ~ é ~ ~ | í ~
a d'imigh uainn i néalta fá ghéarscamall draíochta
H: ~ | ua ~ ~ ~ | é ~ ~ ~ | é ~ ~ ~ | á
nó Mór Cluanach ón gClaonghlais is a caomhchara ar lár?"

# An Modh Eagarthóireachta

Tugtar litriú na lámhscríbhinne ARÉ LS 24 B 9, 26–8, sna malairtí. Úsáideadh litriú an lae inniu gan aon athrú ar an deilbhíocht ná ar fhoirmeacha leithleacha ar nós *fúig* agus *chum*, cuir i gcás. Tugadh an litriú chun rialtachta, mar shampla, *dhearchus* > 'dhearcas' (l. 3), *astig* > 'istigh' (l. 7), *shíllios* > 'shíleas' (l. 8), *thainnig* > 'tháinig' (l. 10), *neartuig* > 'neartaigh' (l. 24), *ráidhte* > 'ráite' (l. 41), *lútér* > 'Lúitir' (l. 47), *dhiúga* > 'dhiúgadh' (l. 56). Rinneadh na hathruithe seo a leanas os íseal: (i) Focail ar *–idhe* nó *–igh(e)* a bhí ina ndeireadh go stairiúil > 'í', mar shampla, *chroídhe* > 'chroí' (l. 7), *bhuídhean* > 'bhuíon' (l. 53), *síghe*(b*h*ean) > 'sí(bhean)' (ll. 8; 10), *righ* > 'rí' (l. 52); (ii) Fágadh *dh* leathan ar lár tar éis guta fhada san fhocal aonsiollach *ngleodh* > 'ngleo' (l. 32); Scríobhadh *sd*- mar 'st-', *céasda* > 'céasta' (l. 51), *féasda* > 'féasta' (l. 53). Deineadh normalú ar fhoirmeacha den chopail mar shampla, *badh* > 'ba' (ll. 5, 6), *as* > 'is' (l. 41). Cuireadh na leasuithe seo a leanas i bhfeidhm: i siollaí neamhaiceanta: *dodh*> 'do' (ll. 11–12; 18; 21; 23–5, 31, 39), *godh* > 'go' (ll. 5, 22, 30, 54), *nadh* > 'na' (ll. 11, 26); i bhfoirmeacha na réamhfhocal simplí: *am* > 'i m' /'im' (ll. 1, 7, 8, 18, 25). Cuireadh an gnáthurú 'gc-' in áit *cc*- agus 'dt-' in áit *tt*- mar shampla, *cclaonghlais* > 'gClaonghlais' (l. 16); *ccéin* > 'gcéin' (20); *ccríoch* > 'gcríoch' (l. 24), *ccuannta* > 'gcuanta' (l. 30), *dá ccarta* > 'dá gcartadh' (l. 46), *dá ccéasa* > 'dá gcéasadh', *ar tt*úis > ' ar dtúis' (l. 21), *ttáinig* > 'dtáinig' (l. 22). Scríobhadh *sg*- mar 'sc-', mar shampla, *sgópe*> 'scóip' (l. 18); (g*h*é*arr*) sgam*m*all > '(ghéar)scamall' (l. 15), *sgiubag* > 'sciobadh' (l. 31), *sgiúird* > 'sciuird' (l. 44). Cuireadh séimhiú ar an 'f' tosaigh i gcás an bhriathair *dfúig* >'d'fhúig' (ll. 2, 7, 14, 20, 40). Mé féin a sholáthraigh na cinnlitreacha agus an phoncaíocht.

## Téacs[6]

Lá dá rabhas i m’aonar ar taobh leasa ag smaoineamh
ar ghníomharthaibh an tsaoil so d’fhúig m’intinn fá bhuairt
’sea dhearcas ainnir mhaorga an chlaon-roisc an-fhíorghlais
a craobhfholt tiubh néamhrach ar aon dath an óir.
Ba bhuacach cuachach slaodach ag téarnamh go troighe léi
ba chamarsach, ba phéarlach, ba dhréimreach, ba fhrinseach
’na gnaoi bhí luisne an chaora d’fhúig saoda im chroí istigh
an uair do shíleas gur síbhean í a théarnamh im dháil.

“Aicim ort, a spéirbhean, an léir cér a díobh tú
nó an féidir gur síbhean tú tháinig im dhéin
an do mhaithibh ceart na laoch tú nó do phréimhshliocht na dtaoiseach
do dhéanadh gaisce is díoltas is gníomh ar a námhaid,
an tú inghean Mhallachain aerga bhí léannta in gach ní ar bith
nó Maoileann maorga d’fhúig tréithlag na mílte
a d’imigh uainn i néalta fá ghéarscamall draíochta
nó Mór Cluanach ón gClaonghlais is a caomhchara ar lár?

An tú barrfhionn gheal na séad nó Iníon uí Dhuibhne ón réidhchnoc
nó Marragún éachtach do bhí in eanach fá scóip
nó Déirdre mhilis gur cailleadh na laochra
Chlann Uisnigh i gcéin d’fhúig tréithlag gan treoir,
nó an bhean do phós, ar dtúis, a hathair mar chéile
go dtáinig dís dá droim chúinn tar tréanmhuir
do smuainigh an Bíobla Béarla do dhéanamh
do neartaigh sliocht Lúitir i gcríoch Inis Fáil?

---

[6] Tá an t-eagrán den aisling ‘Lá dá rabhas i m’aonar’ a sholáthraítear anseo agus línte ó aislingí eile a chum Eoghan Rua Ó Súilleabháin a thugtar san alt seo bunaithe ar eagráin d’aislingí an fhile a sholáthraíos mar thoradh an taighde a rinne mé ar chóipeanna na lámhscríbhinní i gcomhair tráchtais le haghaidh na céime Ph.D. Feic Máire Ní Íceadha ‘Aislingí Polaitiúla Eoghain Rua Uí Shúilleabháin’ a scríobhadh faoi stiúir an Dr Liam P. Ó Murchú (Roinn na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Lúnasa 2012).

An fíor gur tusa Hélen do théarnaigh im líonta
gur treascaradh na mílte dá droim ins an Traoi
nó an bhé gheal ar shléibhtibh gur phléigh an t-úll óir di
is é a hainm sin Vénus, an réaltan chaoin,
nó an tu Céarnait mhilis chuir muilte chum gluaiste
go tréan ar sruthaibh is ar siubhal i gcuanta
nó an bhean do bhí ag Conall do sciobadh ’na shuan uaidh
gur cailleadh na céadta leo san ngleo?

Nó an fíor gur tú bhí ag Céasar mar chéile fá shuairceas
nó an bhean do bhí ag Hector tréan seal nár traochadh é dá droim
nó an bhean do bhí ag Hércules an laoch mear nár stríoc riamh
in aon ghalann claímh nó gur síneadh é le mná,
nó an bhean do bhí ag Sampson tréan seal, gur scéardaigh sí a mhaoil do
nó an bhean do bhí ag Conn Céad Cath ar shléibhtibh dá chaoinleacht
nó an bhean do bhí ag Tailc mac Tréin seal do thraochfadh na mílte
nó an bhean do bhí ag rí na Gréige d’fhúig Pépin faoi bhrón?”

“Is milis iad do ráite, a sháirfhir, gan aon locht
ní haon duine don méid sin me dár áirís dom fós
is mise Éire dhubhach atá ’om brú ag méirligh
do sciuird chúibh tar tréanmhuir le cuntas óm leon;
tiocfaidh sé is a shluaite chum fuascailt ar Ghaeil bhocht
atá le fada i gcúngaracht dá gcartadh is dá gcéasadh
glanfaid siad sliocht Lúitir as críoch Inis Éilge
is beidh a bhfearantas go brách ag ár sinsear chum spóirt”.

“Céad fáilte roímhe ar tréanmhuir an saorbhile súgach
agus an ghasra tá dá chaoinleacht tá dílis don Ord
mar is fada sinn-ne céasta fá ghéarsmacht ag búraibh;
tiocfaidh malairt rí ann is gan mhoill beidh i gcoróin,
an bhuíon do chleachtas féasta lá chéasta an Fhíormhic
go bhfeiceam fuil na méirleach mar aon tuile ar maoil chnoic
sin deireadh leis na haonta is gach véarsa uile díreach

56 is go bhfeiceam gloine dá díogadh ar an gcúntar san fós".

## Malairtí

Ceannscríbhinn: Eogan Ó Suilleab*h*ain *cecinit*

**1** La / rab*hus* am aon*nar ar* taob*h* / a smaoineam*h*

**2** *ar* g*h*níom*har*t*h*aib*h* an tsaog*h*ail so dfúig min*n*tin*n* fá b*h*úairt

**3** sa d*hearchus* ain*n*gir m*h*aorg*adh* an c*h*laonruisg an f*h*írg*h*lais

**4** craob*hfh*olt tiub*h* neam*h*rac*h ar* aon dait*h*

**5** b*adh* b*h*uacac*h* cúac*h*ac*h* slaodac*h* a té*ar*nam*h* g*odh* troíg*h*e le

**6** b*adh* c*h*am*ar*sac*h* b*adh* p*h*é*ar*lac*h* b*adh* d*h*réimrac*h* b*adh* frin*n*seac*h*

**7** n*a* gnaoi b*h*i / dfúig saoda am c*h*roíd*h*e astig

**8** d*odh* s*h*íllios g*ur* síg*h*e b*h*ean í t*hear*nam*h* am d*há*il

**9** a spé*ir*b*h*ean / cé *ar* a díob*h* tú

**10** g*ur* síg*h*e b*h*ean tú t*h*ain*n*ig am d*h*éin

**11** an d*odh* m*h*áit*h*aib*h* ce*ar*t n*adh* laoc*h* tú nó d*odh* p*h*réim*h* s*h*lio*cht* n*a tt*aoiseac*h*

**12** d*odh* d*h*eanac*h* gaisge is díolt*as* is gníob*h ar* a nám*h*uid

**13** an tu *inghean* M*h*allac*h*ain aorga b*h*í lead*h*ion*n*ta an*n* gac*h* nid*h ar* bit*h*

**14** no Maoid*h*lan maorga dfuig tréit*h* lag na millte

**15** dimt*h*ig úain a néulta fá g*héarr* sgam*m*all draoig*h*ea*cht*

**16** nó mor c*hlú*anac*h* ón *cc*laong*h*lais is sa caoim*h* ca*rr*a *ar* lár

**17** bu*rr*ion*n* g*h*eal na séud nó *inghean* ui d*h*uib*h*n*n*e ón réid*h* c*h*nóc

**18** Marragún éa*cht*ac*h* d*odh* b*h*í an an*n*ach fá sgópe

**19** déirdre m*h*illis g*ur* cailliog n*adh* laoc*h*ra

**20** clan*n* uisnaig a *cc*éin dfúig tréit*h* lag gan treó*ir*

**21** d*odh* p*h*ós *ar tt*úis a hat*h*air m*ar chéile*

**22** g*odh tt*áinig dís dá druim c*h*úg*h*ain t*ar* trean m*h*úir

**23** d*odh* smúainig an bíobl*adh* bé*ar*la d*odh* d*h*éanam*h*

**24** d*odh* ne*ar*tuig slio*cht* lútir a *cc*ríoc*h* in*n*is *p*áil

**25** *Helen* / d*odh* t*h*é*ar*naig am lion*n*ta

**26** g*ur* tréasg*ar*ag n*adh* millte dá druím an*n sa Troy*

**27** b*h*éit*h* geal *ar* s*h*léib*h*taib*h* g*ur* p*h*léid*h*ig an túb*h*al oir di

**28** is sé a hainim sin *Venus* an raeltan c*h*aoin

**29** [ ] cé*ar*nuit m*h*illis c*hu*i*r* muilte c*h*um g*h*lúaiste
**30** g*odh* tréan *ar* srúit*h*aib*h* is *ar* siub*h*al a *cc*uan*n*ta
**31** no an b*h*ean d*odh* bhí ag Con*n*all d*odh* sg*i*ubag n*adh* s*h*uan úaig
**32** g*ur* cailleag n*adh* céadt*a* leo san ngleod*h*
**33** g*ur* tú b*hí* ag Ceasar m*ár* chéile fá s*h*úaircios
**34** b*h*ean d*odh* bhiaig / Héctor / n*ar* traoc*h*ag é dá druím
**35** b*h*ean d*odh* b*h*i / an laoc*h* me*ar* nár stríoc*h* ríab*h*
**36** an aon g*h*uillean*n* cloid*h*im*h* no g*ur* sin*n*eag é le mna
**37** b*h*ean d*odh* bhí ag *Sampson* trean / *gur* sge*ar*daig sí m*h*oíl do
**38** b*h*ean d*odh* bhí ag Con*n* / *ar* s*h*léib*h*taib*h* da c*h*aoinle*acht*
**39** d*odh* / *mac* tréan*n* seal d*odh* t*h*raoc*h*ac*h* n*adh* millte
**40** d*odh* / ríg*h* n*adh* gréige dfúig pépin
**41** As millis iad d*odh* ráid*h*te a sha*rr*f*h*ir gan aon lo*cht*
**42** mé / dá*rr* ai*rr*íg*h*is
**43** d*h*úb*h*ac*h* / am brúg*h* aig méirlaig
**44** d*odh* sgiúird c*h*úg*h*aib*h* t*ar* trean*n* m*h*uir le cun*n*tas óm leóg*h*an
**45** tuigfad*h* se so f*h*luad*h*ta c*h*um fúasgailt *ar* g*h*aod*h*ail b*h*o*cht*
**46** ag *cc*úm*hgaracht* dá *ccar*ta is dá *cc*éasa
**47** glanfiod síad slio*cht* lútér as críoc*h* in*n*is éilge
**48** is b*eadh* a b*h*farrant*as* *godh* brách ag a*rr* sin*n*sior
**49** céad fáilte roímhe t*ar* tréan*n* m*h*uir an saor m*hileadh* súgac*h*
**50** ag*us* an g*h*asra ta da c*h*aoinlea*cht* / díleas don órd
**51** m*ar* is fada sin*n*e céasda fá g*h*é*arr* sma*cht* aig bú*r*raib*h*
**52** tugfaig mallairt rig*h* an*n* is gan m*h*oill beag a *cc*o*rr*oin*n*
**53** an b*h*uíd*h*ean d*odh* clea*cht*as féasda lá c*h*éastaib*h* an f*hí*or m*h*ic
**54** g*odh* b*h*feiciom fuil na mé*ar*leac*h* m*ar* aon tuille *ar* maoil c*h*nuic
**55** sin deire leis n*adh* haonta is gac*h* b*h*é*ar*sa
**56** Is g*odh* b*h*feiciom gloin*n*e dá d*h*iúga *ar* an *cc*úntar
Iarscríbhinn: críoc*h*  crioc*h*

## Nótaí Téacsúla

Tharraing Eoghan Rua foirm na haislinge polaitiúla chuige i gcás 'Lá dá rabhas i m'aonar'. Gheibhtear, go bunúsach, bunmhóitífeanna atá le fáil in aisling pholaitiúil an ochtú haois déag, bunmhóitífeanna a léirigh Ó Buachalla go cuimsitheach (Ó Buachalla 1996: 529–30). Orthusan, tá fís agus fáistine i gcomhthéacs teagmháil an fhile le spéirbhean a dhéanann tuar go dtiocfaidh Cabharthach.

**1–2** Déantar cur síos nósúil ar shuíomh na haislinge. Is oscailt í 'Lá dá rabhas' a léiríonn dúinn mar a bhain filí na Gaeilge úsáid as gnéithe traidisiúnta filíochta agus iad a ionramháil i seánraí difriúla (Ó Buachalla 1996: 538). Gheibhtear oscailt mar í sna laoithe fiannaíochta, sna tuirimh, sna haislingí grá agus sna haislingí polaitiúla.

**3–6** Tugtar insint phearsanta ar theagmháil an fhile le neach osnádúrtha.[7] Léiríonn an file réim a háilleachta; déanann sé cur síos beacht ar ghruaig na mná seo (Mac Éinrí 1975: 115–6), a léiríonn dúinn an tábhacht a bhain le scéimh fholt na mná i dtuairim an fhile. Tá macallaí fhriotal Eoghain Rua in aislingí eile dá chuid sa tráchtaireacht a dhéantar ar shúile, ar ghruaig fhada álainn agus ar ghnaoi na símhná sna línte seo. Buailtear leis an gcomhfhocal 'claonruisc' san aisling 'Ceo draíochta' a chum Eoghan Rua, cuir i gcás, áit a ndeir sé: 'a claonruisc do bheoghoin gach laoch' (CD l. 20). San aisling 'Tríom smaointe', tagraíonn Eoghan Rua do chlaonroisc na mná, chomh maith, mar seo a leanas: 'a claonroscaibh glasa mar gheamhar ar féar' (TS 19). Thairis sin, áirítear an liosta fada aidiachtaí a mbaineann Eoghan Rua leas astu ar mhaithe le héifeacht, aidiachtaí atá le fáil in aislingí eile a chum an file. Cuir i gcás, in 'Im leabain araoir' deir sé: 'a carnfholt néamhach péarlach camarsach / slaodach faon tais daite mar ór' (ILA ll. 7–8) agus in 'Mo léan le lua' deir

[7] Is gnách go gcastar spéirbhean ar an inseoir agus go gcuireann sé agallamh uirthi i dtaobh a cúlra sna laoithe fiannaíochta agus sna haislingí. De réir Sheáin Uí Thuama is aisling pholaitiúil í 'Dán sa chéad phearsa a thráchtann ó thús deireadh ar theagmháil aislingiúil a tharla idir file is an bhean 'darb ainm Éire' (Ó Tuama 1978: 149).

sé: 'a craobhfholt cuachach camarsach / ag téacht go scuabach bachallach' (MLL ll. 34–5).

**7** Cruthaíonn an file grinnphictiúr d'áilleacht a leacan agus tionchar na háilleachta sin air sa líne seo. Sampla is ea é seo den leas a bhaineann Eoghan Rua as an bhfocal 'caor', níos minicí ná an focal 'rós', de ghrá na meadarachta sna cuntais a thugann sé ar dheirge a leiceann sna haislingí a chum sé. Eiseamláir eile dúinn is ea an cuntas álainn, sofaisticiúil a thugann Eoghan Rua ar na dathanna a bhí in iomaíocht maidir lena gnúis san aisling 'I gCaoldoire'. Deir sé: 'Caor-luisne tré ghile an chaomh-lile suíodh / i ngéar-iomaidh pléidh-shiosma spéirlinge i ngnaoi / na réaltainne, a chréachtchiorrbhaigh céad curadh is laoch' (IGD 13–5).

**8; 10** Is neach neamhshaolta a thagann chuige de réir na fianaise in 'Lá dá rabhas i m'aonar'; tagraíonn sé don bhé mar shíbhean fé dhó sna línte seo. Nochtann Eoghan Rua dúinn gur bhean neamhshaolta í in aislingí eile dá chuid, chomh maith. San aisling 'Cois abhann inné', deir sé: 'is is deimhin gur bheartas nár bhruinneall don aicme / do gineadh ar talamh an stuaire' (CAI 7–8). Tagraíonn sé don spéirbhean mar shíbhruinneall, chomh maith, san aisling 'Ceo draíochta': 'lem thaoibh gur shuigh síbhruinneall mhómharach' (CD 13) agus mar shíbhean níos faide anonn san aisling chéanna: 'an tsíbhean do sheoladh faíom dhéin' (CD 28). In 'Cois taoibh abhann sínte' deir sé 'Sílim gur síbhean í tharla i gcéin' (CTAS 9).

**13–40** Is follasach óna línte seo nach bhfuil an aisling seo ar chomhchaighdeán leis na haislingí ab fhearr ag Eoghan Rua. Déantar tráchtaireacht fhada ar scata mór banlaochra le linn dó ainm na spéirmhná a fhiosrú san aisling. Ní foláir nó bhainfeadh Eoghan Rua níos mó feidhme as an iliomad tagairtí atá inti do mhná. Áiríonn sé idir mhná stairiúla agus bhanlaochra an tseanchais; idir bhanlaochra Éireannacha agus bhanlaochra iasachta. Tá scata díobh a raibh cáil orthu i dtaobh an mhí-ádha a tharraingíodar ar na fir a bhí ag plé leo. Orthusan, tá iníon le Mallachain (Maoilseachlainn), (LDR 13), rí na Midhe lenar cailleadh Tuirgéiseas (Dinneen 1908: 176–82);

Morrígan, bandia de chuid na Tuatha de Danann a ghnáthaíodh láithreacha catha agus a ghríosaíodh ár (LDR 18). I dtaobh imeacht na símhná Maoileann, síbhean a bhain le barúntacht Dhúiche Ealla, Co. Chorcaí, tá athshondas den líne 'a d'imigh uainn i néalta fá ghéarscamall draíochta' (LDR 15), le sonrú sa líne 'fá néal scamall draoidheachta as amharc ina ceo' in 'I gCaoldoire' (IGD 84), áit a ndéantear cur síos den chineál céanna ar imeacht na spéirbhruinnille. Déantar trácht ar Dheirdre ar tharla Cath na Craoibhe dá barr (LDR 19), agus ar Eithne, iníon rí Laighean agus leannán Chonaill Ghulban (LDR 31–2);[8] ar Niamh Nuachruthach a tharraing áir ar Thailc Mac Tréin (LDR 39) agus tagairt do Bhécuma bean Choinn (LDR 38). Tugann Eoghan Rua blúiríocha eolais dúinn fé spéirmhná áirithe gan a n-ainmneacha dílse a lua; orthusan, tagraítear do chéad bhean Chéasair, Cornelia, (LDR 33), d'Andromache, bean Hector (LDR 34), do Juno (Hera na nGréagach) (LDR 35) agus do Delilah (LDR 37) ón Sean-Tiomna (Ó Fiannachta 1981: 228–9). Is deacair ciall a bhaint as tagairt a dheintear do bhean Rí na Gréige i leith Pépin, Rí na bhFranc (714–768) san aisling (LDR 40).

**15; 17; 32** Tá dealramh ag na línte seo le línte áirithe san aisling 'I sleasaibh na habhann' a chum Eoghan Rua, áit a ndéantar tagairtí gléineacha do Mhaoileann. Ní áirítear an aisling úd i measc chóipeanna na n-aislingí a chum Eoghan Rua a chuir an Giobúnach ar fáil sa lámhscríbhinn ARÉ LS 24 B 9. 'Maoileann maorga d'fhúig tréithlag na mílte' a deir an file in 'Lá dá rabhas

---

[8] Tagraítear don eachtra chéanna in amhráin áirithe a chum filí ó Chairbreacha i gCo. Chorcaí san 18ú haois agus sa 19ú haois. San amhrán dar tús 'Baois is mire ghríosaigh me', a chum Donncha Ó Marthuile, scríobhaí a mhair san 18ú haois, deir sé i líne 45: 'Nó an ghrianbhean mhín d'fhúig Conall sínte / i suan ar maoil Bhinn Éadair' (Uí Chatháin 2006: 146). Tugann Donncha Ó Súilleabháin, scríobhaí a saolaíodh ag deireadh an 18ú haois, breis eolais dúinn faoin scéal san amhrán dar tús 'Is fada ar strae me 'om mealladh féin' sna línte 73–80 den amhrán (Uí Chatháin 2006: 174). Mhair an traidisiún sin anonn sa 19ú haois, chomh maith, i bhfianaise na n-amhrán 'Cois taoibh ghleanna sínte gan tapa', línte 33–6 agus ''S a Chois Banndan, ní nár dhuit a rá go bhfuil sway agat', líne 26, dhá amhrán a scríobh Fínín Ó hAllúráin, file agus scríobhaí a mhair i bparóiste Theampaill Mháirtín i mbarúntacht Chineál mBéice i gCo. Chorcaí sa 19ú haois. (Uí Chatháin 2006: 51, 194, 221).

i m'aonar' (LDR 15) agus 'nó Maoilin ón Aolchraig' a deir sé in 'I sleasaibh na habhann' (ISA 26). Ní foláir nó tagairtí do Chlíodhna is ea na línte 'Iníon uí Dhuibhne ón réidhchnoc' in 'Lá dá rabhas i m'aonar' (LDR 17) agus 'nó Clíodhna ón Réidhchnoc an spéirlinneach mhná' in 'I sleasaibh na habhann' (ISA 28). Lena chois sin, tagraítear do Mhór, síbhean a fuarthas thart ar cheantar Chluain Ghlas, baile fearainn i mbarúntacht Uí Mhic Coille, in oirdheisceart Cho. Chorcaí (Gunn 1984: 115–7), ar an gcuma chéanna sa dá aisling. Deirtear 'nó Mór Cluanach ón gClaonghlais is a caomhchara ar lár?' in 'Lá dá rabhas i m'aonar' (LDR 16) agus 'nó Mór Cluanach ón gClaonghlais a bhfuil a laochra ar lár?' in 'I sleasaibh na habhann' (ISA 32). Tacaíonn an leicseacán coiteann a gheibhtear sa dá aisling seo leis an tuairim gurbh é Eoghan Rua a chum 'Lá dá rabhas i m'aonar', más é a chum 'I sleasaibh na habhann' sa chéad áit.

**21** Tagairt do Anne Boleyn agus tagairt ghléineach do choiriú coil is ea an líne seo in 'Lá dá rabhas i m'aonar', ní foláir.[9] Meabhraítear dúinn na línte 79–82 ón 'Síogaí Rómhánach' ar léamh na líne céanna: 'Ní áirmhím Henry an chéadfhear / do léig go truaillí uaidh a chéile / ar Anna Boilín a iníon chéanna, / is d'imigh ón eaglais ar theagasc Luthérus' (O'Rahilly 1952: 21). Ní haon ionadh é nár bhain 'Lá dá rabhas i m'aonar' ionad amach in eagráin de shaothair Eoghain Rua a chuir an tAth. Ua Duinnín agus Fiachra Éilgeach ar fáil (Ua Duinnín 1901; Ua Duinnín 1923; Ó Foghludha 1937).

---

[9] Táim fíorbhuíoch den Dr Vincent Morley as an bpointe eolais sin a dhéanamh liom nuair a bhí dréacht den alt seo á chur i láthair chomhdhála agam i gColáiste Mhuire gan Smál, i Luimneach, Bealtaine 2017. Is léir gur mhair an traidisiún céanna mar gheall ar Anne Boleyn agus an Rí Anraí VIII anonn sa 19ú haois. Faightear tagairt eile don choir chéanna sna línte seo a leanas as dán a chum Antaine Raiftearaí sa bhliain 1830 (Morley 2017: 271). Deir sé 'Dhíol Hanraí an creideamh ar pheaca na drúise / do phápa ná údar ní umhlaíodh a cheann; / ach díoltas ina ngóthaí Lá an tSléibhe faoi dhúthracht / ar Chranmer ar dtús a cheangail leis Anne'. Feic an t-amhrán *Election na Gaillimhe*, línte 37–40 (Morley 2017: 274).

**22–3** D'fhéadfadh lucht an choncais Normannaigh maíomh go raibh tacaíocht ó Dhia aige maidir le hionradh a dhéanamh ar Éirinn mar gheall ar an ndrogall spioradálta agus an géilleadh don pheaca a cuireadh i leith na nÉireannach sna cuntais chomhaimseartha faoin dtír (Sposato 2009: 25–44). Léiriú ar dháimh Anne Boleyn leis an Reifirméisean agus a díograis don Bhíobla is ea na línte seo. Ní foláir nó fianaise orthusan is ea na leabhair a bhí ina seilbh (Ives 1994: 392).

**23** Litriú foghrúil ar 'chugainn' is ea 'chúinn'.

**24** Chuir plandáil Uladh go mór le líon na Nua-Ghall ón mbliain 1610 i leith (Morley 2011: 33, 61–2).

**42** Tugann an spéirbhean ráiteas dearbh doshéanta i leith a féiniúlachta féin a chealaíonn tuairimíocht an fhile i dtaobh a cúlra. Tá athshondas den líne seo le sonrú in aislingí eile a chum Eoghan Rua, chomh maith. Gheibhtear freagra cosúil ón mbé san aisling 'I m'aonar seal' siúd is go mbaintear leas as an múnla seo dar tús: 'ní haon dod mheas a rún sinn / is diúltaím go héag dod shórt' (IAS 43–4).[10] San aisling 'I Sacsaibh na séad' dá chuid, tugann an spéirbhean ráiteas níos tréine, agus glacann sí seasamh láidir in éadan an fhir ghallda mar a shamhlaítear di é. Deir sí 'D'fhreagair "ní haon don méad sin chanais / féin id starthaibh lúb me / is ní chanfadsa scéal do straeire 'od shamhail / géag do chlannaibh Lúitir / danair i méin, i gcéill 's i gcealg / réice is gaige ó Londain"' (ISS 57–62).

---

[10] I ndéantúisí eile de chuid Eoghain Rua, déantar síneadh ar an eolas a nochtar i dtaobh chúlra na bé. In 'Sealad dom shaogal' is é an cur síos aici ná: '"ní haon don aicme sin me thaobhaís romhad / is me buime cheart na bprionsaí is rúnchroí Charolais / cé dubhach faoi atuirse me i ngéibhinn fós"' (SDS 42; 45–6). Gheibhtear macalla den ráiteas úd, chomh maith, in 'Im leabain araoir' áit a ndéanann sí ráiteas i leith a cúlra mar seo a leanas: 'D'fhreagair "ní haon don méad sin chanais me"' (ILA 36). Níos faide anonn, deir sí '"Is dearbh i réimeas Gael gur chleachtas-sa / ceannas is scléip le seascaireacht tsóil / /....taisteal is téarnamh laoch dom amharcsa / flatha agus éigse, dragain is leoin"' (ILA 41–2; 45–6).

**43** Foilsítear í go hoscailte mar íomhá bhaineann de fhlaitheas Éireann den tír anseo. Nochtar í i dtagairt chosúil in 'I sleasaibh na habhann' áit a ndeir sí: 'Is Éire 'sea m'ainm age búraibh an Bhéarla' (ISA 49).

**44–56** Is banfháidh í agus teachtaire an eolais a dhéanann fáistine i leith theacht an tSlánaitheora a thiocfaidh i bhfoirm phrionsa Stíobhartaigh. Tá macalla den nath 'dá gcartadh is dá gcéasadh' (LDR 46) san aisling seo sa líne 'dá ngreadadh, dá gcéasadh, dá gcartadh is dá dtraochadh' in 'Ag taisteal na Blarnan' (ATB 5), de chuid Eoghain Rua.

**44** Pléitear le 'chugaibh' mar fhocal aonsiollach anseo ar mhaithe leis an meadaracht.

**48** Tá rian den dea-thoil chéanna le sonrú sa líne 'do bheadh lampaí ar lasadh agam le héigean spóirt' in 'Sealad dom shaogal' (SDS 72) de chuid Eoghain Rua.

**49** Léirítear an fhuaim de chuid / i: / atá in 'roimhe' anseo.

**49** 'saorbhile súgach' = 'an saighdiúir uasal'.

**55** Tugtar suntas don líne seo 'sin deireadh leis na haonta is gach véarsa uile díreach' ón uair gur tagairt é sin do nós na tairngreachta a bhíodh i measc na ndaoine agus na bhfilí. Fuair 'Aonta Mhic Amhlaoibh', an tairngreacht ba mhó cáil de chuid an fhile Anraí Mac Amhlaoibh, an-leathantas sna lámhscríbhinní agus sa bhéaloideas (Ó Buachalla 1996: 626–7).

## Giorrúcháin

Aislingí a chum Eoghan Rua ar deineadh tagairtí dóibh

ATB: 'Ag taisteal na Blarnan'
CAI: 'Cois abhann inné'
CD: 'Ceo draíochta'
CTAS: 'Cois taoibh abhann sínte'
IAS: 'I m'aonar seal'
IGD: 'I gCaoldoire'

ILA: ‘Im leabain araoir’
ISA: ‘I sleasaibh na habhann’
ISS: ‘I Sacsaibh na séad’
LDR: ‘Lá dá rabhas i m’aonar’
MLL: ‘Mo léan le lua’
SDS: ‘Sealad dom shaogal’
TS: ‘Tríom smaointe’

## Giorrúcháin Eile

ARÉ: Acadamh Ríoga na hÉireann.
LS Luim.: Lámhscríbhinní i gCartlann Deoise Luimnigh, Oifig Dheoise.
Luimnigh, Sráid Anraí i gCathair Luimnigh.
MN: Leabharlann Ollscoil na hÉireann Má Nuad.

## Saothair a Ceadaíodh

Cork Ancestors, Freemount le fáil ag: www.corkgen.org/publicgenealogy/cork/potpourri/corkancestors.com/Freemount.htm (breithnithe: 5 Aibreán 2017).

de Brún, Pádraig ‘Lámhscríbhinní Gaeilge i Luimneach’. *Éigse* 12. 1967, 91–108.

Dinneen, Rev. Patrick S. *Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn, D.D. The History of Ireland by Geoffrey Keating, D.D*. 4 imleabhar, imleabhar 3. Londain: Cumann na Scríbheann nGaedhilge, 1908.

Flower, Robin. *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Library [formerly British Museum]* imleabhar 2. London: British Museum, 1926. (athchló 1992) Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1992.

Grove White, Colonel J., CMG, DL, *Historical and Topographical Notes etc. on Buttevant, Castletownroche, Doneraile, Mallow, and Places in their Vicinity, Imleabhar III*. Corcaigh: 1913.

Gunn, Marion. *A Chomharsain Éistigí agus amhráin eile as Co. an Chláir*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1984.

Ives, E.W. ‘Anne Boleyn and The Early Reformation in England: The Contemporary Evidence’ in *The Historical Journal* Vol. 37,

No. 2 Jun., Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 1994, 389–400. Le fáil ag: http://www.jstor.org/stable/i325008 (breithnithe 17 Bealtaine 2017).

Mac Éinrí, Fidélis. 'Aspects of Language in the writings of Eoghan Rua Ó Súilleabháin'. *Léachtaí Cholm Cille* 4. 1975, 111–31.

Morley, Vincent. *Ó Chéitinn go Raiftearaí. Mar a cumadh stair na hÉireann*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2011.

Morley, Vincent. *The Popular Mind in Eighteenth-Century Ireland*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí, 2017.

Mulchrone, Kathleen *et al. Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* fasc. vi–x. Baile Átha Cliath agus Londain: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1926–70.

Mulchrone, Kathleen agus Elizabeth Fitzpatrick. *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy.* Index I. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 1948.

Ní Íceadha, Máire. 'Aislingí Polaitiúla Eoghain Rua Uí Shúilleabháin'. Tráchtas le haghaidh na céime Ph.D. a scríobhadh faoi stiúir an Dr Liam P. Ó Murchú (Roinn na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Lúnasa 2012).

Ó Buachalla, Breandán. *Aisling Ghéar. Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1996.

Ó Conchúir, Breandán. *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1982.

Ó Fiannachta, An tAth. Pádraig. *An Bíobla Naofa*. Má Nuad: An Sagart, 1982.

Ó Foghludha, Risteard. *Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin 1748–1784*. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann, 1937.

O'Leary, D.A. 'Biographical sketches of persons remarkable in local history, vii: John Claragh McDonnell, the Celtic Poet of Charleville' in *Journal of the Cork Historical and Archaelogical Society.* 1893, 2a.

O'Rahilly, Cecile. *Five Seventeenth-Century Political Poems.* Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1952.

Ó Tuama, Seán. *Filí faoi Sceimhle*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1978.

Sposato, Peter, W. 'The Perception of Anglo-Norman Modernity and the Conquest of Ireland' in *Comitatus: A Journal of Medieval and Renaissance Studies*, Vol. 40, UCLA: Centre for Medieval and Renaissance Studies, 2009, 25–44. Le fáil ag:

http://muse.jhu.edu.libraryproxy.mic.ul.ie/article/540589/pdf. (breithnithe: 17 Bealtaine 2017).

Ua Duinnín, An tAth. Pádraig. *Eoghan Ruadh Ua Súilleabháin.* Imleabhar 1. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge, 1923.

Ua Duinnín, An tAth. Pádraig. *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge, 1901.

Uí Chatháin, Bláthnaid. *Éigse Chairbre*. *Filíocht ó Chairbreacha i gCo. Chorcaí agus ón gceantar máguaird 1750–1850*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2006.